Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Is é is an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) ann ná comhlacht reachtúil a bhfuil freagracht air as faisnéis fhianaisebhunaithe agus comhairle fhianaisebhunaithe a sholáthar don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar nithe a bhaineann le beartas agus cleachtas a dhéanann difear do shaol daoine a bhfuil míchumas orthu agus as dearadh uilíoch a chur chun cinn. I measc a fheidhmeanna tá taighde, treoir maidir le caighdeáin, cóid chleachtais agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cód agus caighdeán, lena n-áirítear an dóigh a gcomhlíonann comhlachtaí poiblí na dualgais atá orthu fostaíocht agus tacaí a chinntiú do bhaill foirne a bhfuil míchumas orthu.

Tá 50 ball foirne (45 choibhéis lánaimseartha (CL)) i bhfostaíocht in ÚNM, a oibríonn trí thrí rannóg:

• Beartas, Taighde agus Gnóthaí Poiblí

• An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch; agus an tAonad Caighdeán agus Faireacháin

• An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha

Mar chomhlacht poiblí, tá a bheartais phearsanra agus rialachais chorparáidigh bunaithe orthu sin don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí go ginearálta.

Áirítear leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha aonad Acmhainní Daonna agus Aonad Airgeadais, agus tá freagracht uirthi as bainistíocht saoráidí. Baineann ÚNM leas as seirbhísí tacaíochta TF trí Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus baineann sé leas as seirbhísí párolla tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Bunaíodh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch, Caighdeáin agus Monatóireacht le héifeacht ón 1 Eanáir 2007 mar chuid de ÚNM de réir na gceanglas san Acht um Míchumas 2005.

Tá ÚNM i mbun earcaíochta le haghaidh an phoist seo a leanas:

Ceann Seirbhísí Corparáideacha (Lánaimseartha, Buan), Príomhoifigeach Cúnta (Ard)

Tá mionsonraí iomlána faoin bpost seo ar fáil ag www.consciatalent.com/nda. Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm iarratais ábhartha agus seol ar aghaidh í i

dteannta litir chumhdaigh (dhá leathanach ar a mhéad) ina leagtar amach d'oiriúnacht don ról chuig nda@consciatalent.com

Glacfar le hiarratais go dtí **3pm** am áitiúil **Dé hAoine an 8 Márta 2024**.

Is fostóir comhdheiseanna é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Chuirfí fáilte ar leith roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Is féidir Socruithe Réasúnacha a chur i bhfeidhm.